**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0398/2020**

1.12.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le gan ionaid chultúrtha ná saoráidí áineasa agus lónadóireachta a dhúnadh mar chuid de na bearta chun paindéim COVID-19 a chomhrac

**Christine Anderson**

**B9-0398/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gan ionaid chultúrtha ná saoráidí áineasa agus lónadóireachta a dhúnadh mar chuid de na bearta chun paindéim COVID-19 a chomhrac**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur dlúthchuid bhunriachtanach den tsochaí iad ionaid chultúrtha agus saoráidí áineasa agus lónadóireachta agus go gcuireann siad cothromaíocht, suaimhneas, inspioráid agus comhluadar ar fáil agus go gcabhraíonn siad le strus a laghdú agus le sos a fháil ón ngnáthshaol oibre;

B. de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis go gcuirfear ualach trom ar na pobail Chríostaí agus Ghiúdacha trí chosc a chur ar na hionaid agus na saoráidí sin a bheith á bhfeidhmiú, go háirithe le linn laethanta saoire na Nollag agus Fhéile an Tiomnaithe;

C. de bhrí, trí chosc a chur ar na hionaid agus na saoráidí sin a bheith á bhfeidhmiú, nach amháin go mbeidh deacrachtaí airgeadais tromchúiseacha ag na hionaid agus na saoráidí sin, ach gur dócha go ndúnfar go leor díobh go buan dá bharr;

D. de bhrí gur dócha go mbeidh an tsochaí agus an geilleagar ina n-iomláine thíos ag dochar tromchúiseach doleasaithe mar thoradh ar chosc den sórt sin, agus ar na dócmhainneachtaí ionchasacha;

E. de bhrí gur eisíodh rialuithe cúirte cheana féin, lenar dearbhaíodh dúnadh arna fhorchur ag an stát a bheith neamhdhleathach;

1. á chur i bhfáth nach mbaineann ár saol le hobair, agus leis sin amháin, fiú i gcásanna eisceachtúla;

2. á iarraidh ar na Ballstáit gan ionaid chultúrtha ná saoráidí áineasa agus lónadóireachta a dhúnadh, chun go gcaomhnófar na hionaid agus na saoráidí sin, agus ina ionad sin bearta a ghlacadh lena dtabharfar cosaint do na grúpaí is leochailí sa tsochaí amhail daoine a bhfuil riochtaí sláinte orthu atá ann cheana agus daoine scothaosta, atá i mbaol go mór ó víreas SARS-CoV-2, de réir an eolais atá ann faoi láthair.